


# Toghchán sa Tuaisceart

## Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin toghchán a bheidh ar siúl i dTuaisceart Éireann ar an 5 Bealtaine 2022. An bhfuil Gaeilge agat ar na focail seo thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír? Bí ag obair leis an duine in aice leat, agus mura bhfuil sibh cinnte faoi na focail, féachaigí san fhoclóir.



- series \_\_\_\_\_
- forecasted \_\_\_\_\_
- Unionists \_\_\_\_\_
- symbolic status \_\_\_\_\_
- referendum \_\_\_\_\_
- campaigning \_\_\_\_\_
- Assembly election \_\_\_\_\_
- apparently \_\_\_\_\_
- polls \_\_\_\_\_
- snowball effect \_\_\_\_\_

Breathnaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

## Ceist 2

Ceisteanna teanga

1. Cén Ghaeilge atá ar 'First Minister' agus 'Deputy First Minister'?
2. Tá canúint Uladh ag na cainteoirí ar fad seachas Maolra Mac Donnchadha. Cén leagan atá agat féin de na focail / frásaí seo a leanas:  
  
i dtólamh / tá siad buartha / achan / thioctadh leo
3. Féach ar na fógraí atá sa seat den scáileáin thuas. Cén Ghaeilge atá agat ar: *Working Together for a better future* agus cén fáth a bhfuil séimhiú ar an bhfocal 'cheart' san fhógra: *Am Don Athrú Cheart*?

**Ceist 3** Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé hí Michelle O'Neill agus cén fáth a bhfuil sí luaite sa mhír?
2. Cén fáth a bhfuil eagla ar na hAontachtaithe faoi thoradh an toghcháin, dar le Ciarán Dunbar?
3. Cén fáth a bhfuil Pobal na Gaeilge ag cur brú ar Shinn Féin?
4. Cad atá le rá ag Ciarán Ó Pronntaigh faoin toghchán?
5. Cén cineál taispeántais atá ar siúl in Stormont?
6. Cén fáth a bhfuil an fhéidearthacht ann nach mbunófaí Feidhmeannas úr?

**Ceist 4** ‘...Stopaimis..’

- a) Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an sampla thuas?
- b) Bain úsáid as na briathra – *dún*, *cuir*, *aimsigh* agus *ceannaigh* chun na rialacha a bhaineann leis an ngné sin a chur in iúl.
- c) Conas a iarrfá, ar dhuine nach bhfuil aithne agat orthu, gar a dhéanamh duit?

**Ceist 5** ‘... ó thuaidh...’

Tá a lán nathanna cainte sa Ghaeilge a bhfuil na hairde mar chuid díobh. Cad is brí leis na cinn seo thíos? Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú:

- tar aniar aduaidh ar
- duine a chur soir
- a bheith siar is aniar faoi rud
- bain siar as
- caith siar

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa:

1. Tá an Ghaeilge ag dul ó neart go neart sa Tuaisceart. Cén fáth, dar leat?
2. Cén fáth a bhfuil tábhacht faoi leith ag baint leis an toghchán seo sa Tuaisceart?
3. Cén fáth a bhfuil níos mó daoine ag tacú le Sinn Féin i bPoblacht na hÉireann inniu ná riamh?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

|                   |                              |
|-------------------|------------------------------|
| series            | <i>sraith</i>                |
| forecasted        | <i>tuartha</i>               |
| Unionists         | <i>Aontachtaithe</i>         |
| symbolic status   | <i>stádas siombalach</i>     |
| referendum        | <i>reifreann</i>             |
| campaigning       | <i>ag feachtasaíocht</i>     |
| Assembly election | <i>toghchán Comhthionóil</i> |
| apparently        | <i>de réir cosúlachta</i>    |
| polls             | <i>pobalbhreitheanna</i>     |
| snowball effect   | <i>éifeacht charnach</i>     |

### Ceist 2

1. An Chéad-Aire agus an Leas-Chéad-Aire.
2. Mar shampla:

i dtólamh – i gcónaí, de shíor  
 tá siad buartha – tá imní orthu  
 achan – gach  
 thiocfadh le – d'fhéadfadh sé

3. Féach:

*Working Together for a better future*  
 Ag obair le chéile ar son todhchaí rathúil

*Am Don Athrú Cheart:*

Córas an tséimhithe atá i gceist sa tuiséal tabharthach. Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis 'don' sa chóras lárnach agus i gcóras an tséimhithe. Cuirtear séimhiú freisin ar an aidiacht i gcóras an tséimhithe.

An córas lárnach: am don athrú ceart / am don chóta ceart  
 Córas an tséimhithe: am don athrú cheart / am don chóta cheart

### Ceist 3

Féach an script.

### Ceist 4

- a) An modh ordaitheach
- b) Féach:

| Dún           | Cuir            | Aimsigh          | Ceannaigh         |
|---------------|-----------------|------------------|-------------------|
| dúnaim!       | cuirim!         | aimsím!          | ceannaím!         |
| ná dúnaim!    | ná cuirim!      | ná haimsím!      | ná ceannaím!      |
| dún!          | cuir!           | aimsigh!         | ceannaigh!        |
| ná dún!       | ná cuir!        | ná haimsigh!     | ná ceannaigh!     |
| dúnadh sé!    | cuireadh sé!    | aimsíodh sé!     | ceannaíodh sé!    |
| ná dúnadh sé! | ná cuireadh sé! | ná haimsíodh sé! | ná ceannaíodh sé! |
| dúnadh sí!    | cuireadh sí!    | aimsíodh sí!     | ceannaíodh sí!    |
| ná dúnadh sí! | ná cuireadh sí! | ná haimsíodh sí! | ná ceannaíodh sí! |
| dúnaimis!     | cuirimis!       | aimsímis!        | ceannaímis!       |
| ná dúnaimis!  | ná cuirimis!    | ná haimsímis!    | ná ceannaímis!    |

|  |  |  |  |
|--|--|--|--|
| (dúnadh muid!<br>ná dúnadh muid!)<br>dúnaigí!<br>ná dúnaigí!<br>dúnaidís!<br>ná dúnaidís!<br>(dúnadh siad!<br>ná dúnadh siad!) | (cuireadh muid!<br>ná cuireadh muid!)<br>cuirigí!<br>ná cuirigí!<br>cuiridís!<br>ná cuiridís!<br>(cuireadh siad!<br>ná cuireadh siad!) | (aimsíodh muid!<br>ná haimsíodh muid!)<br>aimsígí!<br>ná haimsígí!<br>aimsídís!<br>ná haimsídís!<br>(aimsíodh siad!<br>ná haimsíodh siad!) | (ceannaíodh muid!<br>ná ceannaíodh muid!)<br>ceannaígí!<br>ná ceannaígí!<br>ceannaídís!<br>ná ceannaídís!<br>(ceannaíodh siad!<br>ná ceannaíodh siad!) |
| dúntar!<br>ná dúntar!  | cuirtear!<br>ná cuirtear!  | aimsítear!<br>ná haimsítear!   | ceannaítear!<br>ná ceannaítear!  |

c) Ar mhiste leat an doras a dhúnadh? / An féidir leat an litir a chur sa phost?

### Ceist 5

tar aniar aduaidh ar – surprise

duine a chur soir – to drive someone around the bend

a bheith siar is aniar faoi rud – to be ambivalent about something

bain siar as – astonish, surprise

caith siar – throw back

### Ceist 6

Roinn an rang i ngrúpaí agus tabhair deis do gach grúpa na ceistanna a phlé le chéile.

**Maolra M. Mac Donnchadha**

Mar chuid den tsraith tuairiscí atáimid a dhéanamh faoin toghchán i dTuaisceart Éireann, caithfimid súil anois ar Shinn Féin agus an deis stairiúil a deirtear atá acu a bheith ar an bpáirtí is mó ó thuaidh tar éis na vótála, Déardaoin.

**Áine Ní Ghallchóir**

Seo an té atá tuartha le bheith i dteideal phost Chéad-Aire Thuaisceart Éireann i ndiaidh thoradh an toghcháin. Ach, an nglacfaidh an DUP le Michelle O'Neill sa ról sin?

**Ciarán Dunbar, Belfast Telegraph**

Is cineál, ceist acadúil é ar bhealach mar an post seo, Céad-Aire, mar is eol dúinn, is comhphost é, is comhphost é i dtólamh. Bhí sé mar sin ón chéad lá riamh. Ach, tá go leor Aontachtaithe, tá siad buartha, go mbeadh cineál, stádas siombalach ag an teideal 'Céad-Aire', seachas 'Leas-Chéad-Aire', agus tá siad den tuairim go mbainfidh Sinn Féin úsáid as sin chun reifreann ar Éire Aontaithe a bhrú chun tosaigh. Mar sin tá an TUV, tá an UUP agus tá an DUP, tá siad ag dul amach ag feachtasaíocht ar an cheist sin. DUP go háirithe ag rá, bhuel, stopaimis Sinn Féin.

**Áine Ní Ghallchóir**

Acht Gaeilge ar iarraidh go fóill, chuir Pobal na Gaeilge brú mór ar Shinn Féin, reachtaíocht don Ghaeilge a bheith ina líne dhearg ag dul ar ais ar rialtas an uair dheireanach agus beidh sí lánach sna comhráite a leanfas<sup>1</sup> an toghchán seo. Fíche seacht suíochán a ghnóthaigh Sinn Féin sa toghchán Comhthionóil deireanach, ná de réir cosúlachta, níl ach an<sup>2</sup> cheann acu sin go hiomlán slán agus braithfidh cuid mhór ar chomh maith is a dhéanann siad bainistiú ar a gcuid vótaí an iarraidh seo.

**Ciarán Ó Pronntaigh, Tráchttaire**

Tá na pobalbhreitheanna ag taispeáint go bhfuil difear suas le 7 faoin gcéad idir an DUP agus Sinn Féin agus tá Sinn Féin chun cinn agus beidh éifeacht charnach leis sin. Más maith le náisiúnaithe an bua a fháil ar an DUP, tá rogha mhaith acu, vótáil Sinn Féin agus tá seans níos mó acu an DUP a chur insan<sup>3</sup> darna<sup>4</sup> háit.

**Áine Ní Ghallchóir**

Tá taispeántas foscailte<sup>5</sup> don phobal faoi láthair in Stormont, áit a bhfuil bailiúchán de leithéidí taiscí agus píosa ealaíne d'iarcheannairí ar an tír. Ach, an mbeidh an chéad Chéad-Aire náisiúnach ina measc amach anseo? Ciallaíonn roinnt na cumhachta go gcaithfidh tacaíocht an dá phobal a bheith ann agus mura mbíonn dúil ag an DUP i dtoradh an toghcháin, thioctadh leo cosc a chur ar bhunú Feidhmeannais úir. Ainneoin sin, bheadh bua do Shinn Féin thar a bheith suntasach agus siombalach.

Áine Ní Ghallchóir, Nuacht TG4.

---

<sup>1</sup> 'a leanfas' = a leanfaidh

<sup>2</sup> achán = leagan canúnach de 'gach aon'

<sup>3</sup> insan=leagan canúnach de 'sa'

<sup>4</sup> darna = leagan canúnach de 'dara'

<sup>5</sup> foscailte = leagan canúnach de 'oscailte'